# Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

## Gaelscoil Inse Chór

## Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8 D08 NR26

Is bunscoil í an scoil seo.

De réir cheanglais Acht um Leanaí ar dtús 2015, maidir le *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an tAguisín le Leanaí Ar dtús (2019), Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagrán. (Tusla, 2024)*, tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca atá leagtha amach sa cháipéis seo glactha ag an mbord bainistíochta.

Tá *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* na roinne glactha ag an mbord bainistíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan mhodhnú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chosaint Leanaí agus den Mheasúnú Riosca seo.

Ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA):

**Colm Ó Nualláin**

Ainm an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA/LDIA):

**Connie Ní Chorrdhuibh**

*In éagmais an DIA, glacfaidh an Leas-DIA freagrachtaí an DIA.*

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Duine Ábhartha ar:

01 6796748

gsinsechor@gmail.com

*Faoin Acht um Leanaí ar Thús 2015 ciallaíonn Duine Ábhartha duine atá ceaptha ag soláthraí seirbhíse ábhartha mar an gcéad phointe teagmhála i leith an Ráitis um Chosaint Leanaí. Ainmníonn an bord bainistíochta an duine seo chun imní/líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.*

Ainm Chathaoirleach an bhoird bhainistíochta

**Terry Ó Máirtín**

*I gcás go bhfuil an DIA agus an LDIA as láthair agus nach bhfuil siad ar fáil, agus i gcás nach bhfuil aon bhall foirne ag gníomhú go foirmiúil ina ról, glacann cathaoirleach an bhoird bhainistíocht ról an DIA.*

## Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

Aithníonn an bord bainistíochta go bhfuil cosaint agus slándáil leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus gur gá é sin a léiriú i ngach polasaí, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíocht na scoile. I ngach ceann de na cásanna seo, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil:

- Aithint a dhéanamh go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar aon bhreithnithe eile.
- Cloí go hiomlán lena oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí.
- Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí.
- Glac le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go ndéanfaí dochar do leanaí a íoslaghdú agus baill foirne na scoile a chosaint ar an ngá rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad a fhágáil i mbaol cúisimh mí-úsáide leanaí.
- Cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht thuismitheoirí in oideachas a bpáistí a spreagadh.
- Urraim iomlán a thabhairt do cheanglais rúndachta mar atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* agus déileáil á déanamh le cúrsaí cosanta leanaí. Cloí leis na prionsabail thuasluaite i ndáil le haon duine fásta leochaileach.

# Nósanna Imeachta agus Bearta atá i bhFeidhm

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ár Measúnú Riosca i gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015, an Acht um *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta 2017*, agus *Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagrán.* (Tusla, 2024), agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár n -intinn leanaí a chosaint agus iad ag baint leasa as ár seirbhís:

## Nós Imeachta maidir le Bainistiú Líomhaintí Mí-Úsáide nó Mí-Iompair i gcoinne Pearsanra Scoile a Bhaineann le Leanbh atá ag Baint Úsáide as ár Seirbhís

I gcás ina mbíonn aon bhall de phearsanra na scoile faoi réir aon imscrúdaithe i leith aon ghnímh, neamhghníomh nó imthosca a bhaineann le leanbh atá ag freastal ar an scoil, ceanglaítear ar an scoil cloí leis na nósanna imeachta ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus leis

na nósanna imeachta araíonachta ábhartha comhaontaithe do bhaill foirne na scoile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin gov.ie.

## Nós Imeachta maidir le hEarcaíocht agus Roghnú Sábháilte Pearsanra Scoile chun Obair le Leanaí

- Tá sé de dhualgas ar an scoil cloí le ceanglais an Achta Grinnfhiosrúcháin. Éilíonn roghnú nó earcaíocht foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le páistí ar an scoil cloí le ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) 2012 go 2016, agus leis an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ábhartha grinnfhiosrúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Óige agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie agus mar a leagtar amach i gCaibidil 10 de na nósanna imeachta.
- Tá prótacal scríofa i bhfeidhm lena n-údaraítear gníomh láithreach i gcásanna ina gceanglaítear ar fhostaí a bheith as láthair ón scoil láithreach ar chúiseanna cosanta leanaí.

## Nós Imeachta maidir le Soláthar Oiliúint agus Faisnéise maidir le Cosaint Leanaí agus Rochtain orthu, lena n-áirítear Aithint Tharla an Díobhála

Cuireann an scoil faisnéis agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne na scoile maidir le sainaithint tarlaithe díobhála (mar a shainmhínítear in Acht 2015) mar seo a leanas:

Tá cóip

- de Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca na scoile curtha ar fáil ag an scoil do gach ball de phearsanra na scoile, lena n-áirítear aon bhaill nua de phearsanra na scoile, (fostaithe agus oibrithe deonacha, baill den bhord bainistíochta, múinteoirí faoi oiliúint agus iad siúd atá ar thaithí oibre).
- Cinntíonn sé go bhfuil oiliúint ábhartha faighte ag baill de phearsanra na scoile agus go bhfuil oiliúint ar chosaint leanaí críochnaithe acu.
- Spreagann sé baill an bhoird bhainistíochta chun leas a bhaint as aon oiliúint ábhartha agus oiliúint ar chosaint leanaí a chríochnú.
- Cinntíonn an bord bainistíochta go gcoimeádtar taifid ar oiliúint chosanta leanaí na foirne agus na gcomhaltaí boird go léir.

## Nós Imeachta maidir le Tuairisciú Imní maidir le Cosaint nó Leas Leanaí chuig Tusla

Ceanglaítear ar gach ball de phearsanra na scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, maidir le

himní faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Tusla. Baineann tuairisciú éigeantach le gach múinteoir cláraithe agus le haon duine eile atá faoi chúram na scoile, mar shampla séiplíneach nó altra. Tá liosta iomlán de na daoine sin atá ina ndaoine sainordaithe leagtha amach in Aguisín 1 de na nósanna imeachta.

## Nós Imeachta maidir le Liosta a Choinneáil de na Daoine (más ann dóibh) sa tSeirbhís Ábhartha ar Daoine Sainordaithe iad

Tá nós imeachta i bhfeidhm chun liosta de dhaoine sainordaithe a choinneáil. Féadfaidh scoileanna foireann bhreise a fhostú ó am go ham a bhfuil sainordú acu de bhua a ngairme. Beidh na múinteoirí cláraithe uile san áireamh sa liosta seo agus sainaithneofar fostaithe breise nach múinteoirí cláraithe iad.

## Nós Imeachta chun Duine Ábhartha a Cheapadh

Tá nós imeachta i bhfeidhm chun duine ábhartha a cheapadh.

Is féidir rochtain a fháil ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas um Chosaint Leanaí agus sa Mheasúnú Riosca seo trí shuíomh gréasáin na scoile, suíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad ag an scoil ar iarratas.

De réir Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus an Aguisín le Leanaí ar dtús 2019 agus 2025, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, rinne an bord bainistíochta measúnú ar aon fhéidearthacht go ndéanfadh leanbh dochar agus é/í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Cuirtear measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí.

**Tabhair ar aird: Níl sé beartaithe gur liosta uileghabhálach é na nósanna imeachta agus na bearta atá i bhfeidhm atá leagtha amach thuas. Cuirfidh boird bhainistíochta aonair nósanna imeachta agus bearta eile a bhaineann leis an scoil san áireamh sa chuid seo freisin.**

Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile nó cuirfear ar fáil í ar iarratas ón scoil. Tá sé curtha ar fáil do gach ball de fhoireann na scoile, do chumann na dtuismitheoirí (más ann), don phátrún agus do thuismitheoirí. Cuirfear cóip den ráiteas seo agus den mheasúnú riosca ar fáil do Tusla agus don roinn má iarrtar é.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo nó a luaithe is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar lena mbaineann an ráiteas seo.

## Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

| **Gnáth imeachtaí scoile taobh istigh d'am scoile** | | | |
|---|---|---|---|
| Teacht ar scoil agus imeacht abhaile na ndaltaí | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach | Osclófar geataí na Scoile ag 8:00. Ní cheadaítear ach do bhaill foirne na scoile isteach roimhe seo. Fanann caomhnóir ar chlós/i halla na scoile go dtí 8:40rn nuair a thagann oide  ar dhualgas.. Fágann naíonáin ag 1:30in agus bailítear iad ón chúl doras. Fágann daltaí Ranganna 1-6 ag 2:30in.Bailítear iad ó doras na ranga. Fanann an oide ranga leo go dtí go bhfuil siad imithe. Bailíonn CRS na páistí don bhus le chéile agus siúlann sí leo go dtí an bhus. Beidh an Cód iompair agus polasaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | frithbhulaíocht i bhfeidhm trí na tréimhsí seo. |
| Socruithe Taistil Scoile agus Tionlacan<br>Turas chuig an mbus<br><br>Bus Scoile | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach | Siúlfaidh na maor ón Creche leis na páistí ó na Naíonáin go dtí an bhus. Bailíonn CRS na páistí eile don bhus le chéile agus siúlann sí leo go dtí an bhus.Cinntíonn sí go bhfuil na páistí ó na Naíonáin ag suí is ag caitheamh na chrois.<br>Grinnfhiosrúcháin á lorg ón gcomhlacht bhus ar na tiománaithe. |
| Geataí/Doirse na Scoile | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach | Bíonn glas ar na doirse sa scoil i gcónaí agus cód na ndoirse ag baill foirne scoile amháin.<br>Bíonn geataí na ndaltaí faoi ghlas agus faoi chúram an fheighlí Joe agus an Rúnaí Carmel i rith an lae.<br>Tá ar gach chuairteoir teacht isteach tríd príomhdhoras na scoile agus teagmháil a dhéanamh leis an oifig. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Níl cead ag daltaí na scoile an príomhdoras a úsáid ag am dul abhaile. |
| Am sosa agus am lóin na bpáistí | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach<br>An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil<br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | 2 mhúinteoir agus 2 CRS ar an gclós gach lá Ar lá fliuch bíonn an dualgas céanna ar siúl laistigh.<br>Rialacha an chlóis i bhfeidhm<br>Cód iompair agus polasaí frithbhulaíocht i bhfeidhm. Caithfidh na maor cótaí buí chun go mbeidh sé éasca iad a aithint. |
| Leithris<br>Timpistí leithris na bpáistí óga | Íseal / Meán | An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile<br>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil<br>An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil | Leithris sna seomraí ranga<br>Seomra Ealaíne ,– duine amháin ag an am<br>Sa chlós – le linn am sosa agus lóin.<br>Beirt dhuine fásta ( CRS/oide ar snámh) i gcónaí má bhíonn gá le dul isteach iontu. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Múinteoireacht Ranga agus Ionadaithe<br><br>Múinteoir Imithe ón gClós ar chúis éigeandála | Íseal | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil<br><br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach | Múinteoirí cáilithe , cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta.<br>Grinnfhiosrúcháin déanta<br><br>Ball foirne buan ag tacú chun páistí Naíonáin-Rang 2 a scaoileadh abhaile<br><br>Oide béal doras a chur ar an eolas agus go mbeadh maoirseacht ar siúl idir an dá sheomra.<br>Cód iompair ghairmiúil á réiteach faoi láthair |
| Obair Thacaíochta Foghlama<br><br>Ag bailiú/ag filleadh | Meán | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn do mhúineadh duine-le-duine, comhairliú, cóitseáil bheith ar siúl<br><br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach | Doirse le gloine a chur isteach sna seomraí cuí.<br><br>Bailíonn an múinteoir TF na páistí ó na ranganna Naíonáin-Rang 2.<br>Siúlann páistí ó ranganna 3-6 i mbeirteanna nó i ngrúpaí ag brath |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ar gánna na bpáistí agus fad na siúlóide chuig an seomra ranga.. Cód iompair ghairmiúil á réiteach faoi láthair |
| Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag na daltaí ar scoil | Meán | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar linbh bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meán sóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil | Polasaí Úsáide inghlactha i bhfeidhm<br><br>Aoi-chainteoirí ag labhairt le daltaí agus tuismitheoirí go minic.<br><br>Cosc ar na fón i rith an lá scoile. |
| Ióga/ Rince Gaelach/CLG/ Cispheil/ Lúthchleasaíocht/ Ceol | Íseal | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha | Oide leis an rang i gcónaí<br><br>Tá Bord Bainistíochta sásta go bhfuil grinnfhiosrúcháin déanta orthu uilig. |
| Rannpháirtíocht ag daltaí i searmanais reiligiúnacha<br><br>Siúlóid chuig an séipéal<br><br>Faoistin aonair | Íseal | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den | Oide leis an rang i gcónaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Freastalaithe Aifrinn ar ócáid nach mbeadh an scoil ann. | | scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha | Sagart agus páiste in áit poiblí sa scoil<br><br>Litir i scríbhinn ón tuismitheoir ag míniú cé a mbaileoidh agus cén t-am. |
| Dáileadh leigheas | Meán | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Polasaí Dáileadh Leighis i bhfeidhm<br>Tá liosta cruinn agus leigheas sa seomra foirne dóibh siúd le hailéirge agus conas deileáil leo. |
| Dáileadh Garchabhrach | Meán | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Déanta ag rúnaí na scoile agus an Múinteoir Mairéad don chuid is mó i suíomh oscailte i gcónaí<br>Cúrsa Garchabhair ar fáil d'fhoireann na scoile gach dara bhliain. |
| Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, dlúthchúram áit is gá<br>Baol ann go mbeadh aon ar aon i gceist | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Plean aonarach déanta dóibh siúd agus tuistí páirteach in ullmhúchán an phleain. |

## Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

| | | | |
|---|---|---|---|
| Grianghraif Scoile agus Banaltraí FFS | Íseal | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha | Fostaí Scoile leis na páistí i gcónaí |
| Lá Spóirt<br>Scoil an-oscailte<br><br>Iar –dhaltaí ag cabhrú | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach<br><br>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha | Páistí faoi chúram an mhúinteora ranga i gcónaí<br><br>Grinnfhiosrúcháin déanta orthu siúd atá 16+<br>Bheadh rialacha/treoracha soiléire tugtha dóibh bunaithe ar an gCód Iompair |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Turais Scoile<br>agus<br>Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair na scoile do ghníomhaíochtaí scoile | Meán | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach<br><br>An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile<br><br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | Oide agus tuistí leo le grinnfhiosrúcháin déanta- Cóimheas idir 5/10-1 ag brath ar an turas agus aois agus riachtanais na ndaltaí.<br>Beidh tuiscint chruinn ag na cuiditheoirí ar conas an turas a thacú.<br><br>Cód iompair agus polasaí frithbhulaíocht i bhfeidhm |
| Úsáid Físeáin/Mheáin eile chun taifead a dhéanamh ar Imeachtaí Scoile<br>Tuistí ag taifead / griangrafanna á chur ar na meáin sóisialta | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar dhuine bheith ag rochtain ar nó ag scaipeadh ábhair mhíchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile | Foláireamh/Comhairle tugtha ón bPO roimh ré. |
| **Cúrsaí Iompair** | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bainstíocht ar Iompar Dúshlánach agus úsáid chuí srianta áit is gá | Meán | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach | Go mbeadh doras oscailte agus beirt i gcónaí ag deileáil le páiste dúshlánach. |
| Cosc a chur ar thromaíocht agus déileáil leis | Meán | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | Polasaí frithbhulaíocht i bhfeidhm Seachtain Cairdeas gach bliain. Duais Cara na Seachtaine gach Seachtain |
| Cur i bhfeidhm pionós/ smachtbhannaí mar chuid den Chód Iompair na scoile - coinneáil istigh daltaí, coigistiú fónsrl san áireamh | | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach | Go ndéanfar socrú roimh ré leis an bPríomhoide agus socruithe maoirseachta i bhfeidhm. |
| **Cúrsaí Curaclam** | | | |
| Oiliúint d'Fhoireann na Scoile faoi chúrsaí Chosant Leanaí | Ard | An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile | Webinar Tusla , SFGM agus traenáil eile a mholadh. Plé rialta ag leibhéal foirne de. |
| Soláthar an Churaclaim – OSPS, OCG agus Bí Sabháilte san áireamh | Ard | | Traenáil faighte ar líne (TUSLA) agus ar fáil ón tSFGM. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Úsáid foirne lasmuigh den scoil chun an curaclam a fhorlíonadh | Meán | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil | Accord – Múinteoir sa rang i gcónaí<br>Ceardlann Ranga- Oide sa rang i gcónaí |
| Teagascóirí Seachtracha /Aoi-Chainteoirí | Íseal | | Oide leis an rang i gcónaí |
| Cóitseálaithe Spóirt | Íseal | | Oide leis an rang i gcónaí<br>Grinnfhiosrúcháin déanta agus Bord Bainistíochta sásta. |
| **Gníomhaíochtaí Seach Curaclam** | | | |
| Peil/ Iomáint na mBuachaillí<br><br>Páiste/í fágtha ag an deireadh . | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil | Tá grinnfhiosrúcháin déanta orthu siúd atá ag obair leo.<br>Beidh oide páirteach agus an fhoireann as baile<br>Gach iarracht go mbeadh beirt fostaí scoile ann go dtí an deireadh. |
| Peil na gCailíní/ Camógaíocht | Íseal | | Bíonn múinteoir i mbun na traenála i gcónaí |
| Ag taistil go cluichí | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus | Taistilíonn páistí ar bhus áit is féidir. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil<br><br>An riosca go mbeidh timpist gluaisteáin. | Má tá páistí ag taistil le tuismitheoirí, caithfidh níos mó ná páiste amháin bheith i láthair.<br>Níl cead ag páiste taistil sna suiocháin chun tosaigh sa ghluaisteáin.<br>Caithfidh páistí suí i "mBooster Seats" bunaithe ar an gcomhairle.<br>Caithfidh gach éinne sa ghluaisteáin crois sábhála a chaitheamh.<br>Moltar rothlú dóibh siúd atá ag tabhairt síobanna agus dóibh siúd atá ag taistil leo.<br>Coimeádfaidh an Múinteoir liosta dóibh siúd atá ag tabhairt síobanna is cé atá ag taistil leo.<br>Nuair a scoiltear na páistí ón ngluaisteáin is an múinteoir atá i bhfeighil. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Is ar árachas pearsanta an tuismitheoir atá an páiste (na páistí) ag taistil |
| Rith | Íseal | | Bíonn múinteoir i mbun na traenála i gcónaí |
| Úsáid ionad leithris/ seomraí malartaithe i scoileanna/ suíomhanna eile | Ard | | Ní bhíonn páiste leis/leí féin. |
| Imeachtaí Múinteoireachta Lasmuigh -Ceol | íseal | | Feighleoireacht ó 2.30-3,00 Múinteoir ceoil = múinteoir bunscoile cáilithe , grinnfhiosrúcháin déanta |
| Club Déardaoin | Íseal | | Oide leis an rang i gcónaí |
| Rang Ealaíne | Íseal | | Grinnfhiosrúcháin déanta |
| Rang Cócaireachta | íseal | | Grinnfhiosrúcháin déanta |
| Rang Rince | Íseal | | Oide leis an rang i gcónaí |
| Úsáid foirne lasmuigh chun tacú le spóirt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile | Meán | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil | Oide/Cuiditheoirí leis an rang i gcónaí |
| **Cuairteoirí sa Scoil** | | | |

## Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mic Léinn ar Shocrúchán Scoile | Meán | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha<br><br>An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile<br><br>An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile | Beidh grinnfhiosrúcháin déanta orthu..<br>Tugtar cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí dóibh agus beidh tuiscint acu ar a ról anseo. |
| Mic Léinn ar Thaithí Oibre | Meán | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míchuí idir an leanbh agus leanbh eile nó aosach | Beidh grinnfhiosrúchán déanta orthu siúd atá 16+ |
| Oibrithe deonacha /Tuismitheoirí i mbun gníomhaíochtaí scoile | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míchuí idir an leanbh agus leanbh eile nó aosach | Beidh grinnfhiosrúcháin déanta ar na baill Cairde uilig. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil | Beidh suaitheantas á gcaitheamh acu ag míniú gur chuairteoir iad agus go bhfuil an scoil ar an eolas go bhfuil siad anseo<br>Is gá Leabhar na gCuairteoirí a shíniú isteach/amach. |
| Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil tar éis gníomhaíochtaí scoile | Meán | | Cuairteoirí le teacht tríd oifig na scoile idir 8:30rn agus 4:30in agus suaitheantas a chaitheamh acu mór-thimpeall na scoile. Déanfar gach iarracht 8:40- 2:40in a sheachaint. |
| | | | |
| **Eile** | | | |
| Imeachtaí Thiomsú Airgid a bhfuil daltaí páirteach iontu | Ard | | Moladh go mbeadh tuismitheoirí le páistí i gcónaí |
| Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile le linn uaireanta scoile<br>Úsáid fhoirgneamh na Scoile ag eagrais eile i rith alae | Meán | An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile<br>An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile | Naíonra / Club Súgradh–Tá cóip den Ráiteas acu agus suaitheantas Naíonra á gcaitheamh acu. |

## Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca

| | | | |
|---|---|---|---|
| Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile tar éis uaireanta scoile<br>Úsáid Iarscoile fhoigneamh na Scoile ag Eagrais Eile | Ard | An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile<br>An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile | Cinnteofar go bhfuil Grinnfhiosrúcháin déanta má na ranganna ceangailte leis an scoil. I gcásanna nach bhfuil glacfar leis nó cinnteofar go bhfuil a gcóras féin acu maidir le Cumhdach Leanaí. |
| An Bus Rothaíohta | Ard | An riosca go mbeidh timpiste<br>An riosca go mbeidh páistí fágtha gan feighlíocht sa chás go raibh siad fágtha gan feighlí | Ríomhphost amach ag meabhrú do dhaoine go bhfuil an Bus rothaíochta ar siúl<br>Príomhoide Colm ar chúl an bus le Múinteoir Seán chun tosaigh<br><br>Measúnú phriacail a dhéanamh bunaithe ar na spotaí ina bhféadfadh dainséir a bheith ann is cloígh leis<br><br>Cabhair ó tuistí<br>Clogad Riachtanach<br>Cótaí so-fheicthe riachtanach |

Agus an measúnacht priacail seo ar bun acu, rinne an Bord Bainistíochta a ndícheall, chomh fada agus ab fhéidir leo, na priacail dhíobhála a bhaineann leis an scoil seo, agus é a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na priacail ar fad a thníodha bhainistiú. Cé nach féidir gach priacal díobhálaa thuar agus a bhaint, tá na Nósanna liostaithe sa mheasúnacht priacail seo chun bainistíocht agus laghdú a dhéanamh

ar an bpriacal chomh fada agus is féidir.  Rinne Bord Bainstíochta Gaelscoil Inse Chór an Mheasúnacht Priacail seo a chur i gcrích ar <u>11/3/2018</u>. Déanfar aithbhreithniú air mar chuid de Aithbhreithniú Bliaintúil ar an Raiteas um Chumhdach Leanaí .

Daingnithe ar an 20/09/2025

Siínithe ________________________________________ Dáta: 20/10/2025

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Sínithe ________________________________________Dáta: 20/10/2025

Príomhoide/Runaí an Bhoird Bhainistíochta